



## Teilgin Canova

Nuair a thagann tú iseach i gGailearaí Crawford, feicfidh tú seomra lán le dealbhóireacht ar thaobh do láimhe clé. Seo an áit ina chónaíonn an Laocoön. Rinneadh na dealbha go léir sa seomra seo sa Róimh faoi threoir an dealbhóra sár-chumasach darb ainm dó Antonio Canova. Tá siad os cionn 200 bliain d'aois ach is cóipeanna iad de dheilbh a gcruthaíodh i bhfad níos roimhe sin. Ciallaíonn a leithéid gur féidir linn cuairt a thabhairt orthu inár ngealairí áitiúil in ionad an gá le taisteal fada go dtí an Iodáil!

## Laocoön

Ba shagart as miotaseolaíocht na Gréige é Laocoön air a ionsáíodh ag nathair ollmhór a cuireadh ag na Déithe. Sé an bheirt bhuachaill leis ná a bheirt mhac. Is nathair an-fhada é seo agus tá sí ar tí greim a fháil ar chromáin Laocoön. Tugann an dealbh móran radharcanna éagsúla dúinn ar an scéal seo. Is féidir linn breathnú air ón taobh nó ón gcúl agus rud éigin nua a fheiceáil.

## Nathracha

Cuireann nathracha imní ar roinnt daoine. An é easpa na lámh agus na gcos leo is cúis leis? A gcráiceann carrach? A súile gloineacha?

Cad a cheapann tú féin faoi nathracha? Tá glib an-shíodach ar an nathair seo a shileann sí in ola cnó cócó gach seachtain.



An raibh a fhios agat go raibh cosa ag nathracha don chéad 70 milliún bliain dá raibh siad ann? Cén cineál cosa a bheadh ag nathair, dar leat? Cén fáth nach dtugann tú faoi roinnt nathracha a tharraingt le gnéithe daonna chun a fheiceáil conas a athraítear a gcarachtar. Bain triail as na gnéithe seo a leanas a chur le do chuid nathracha:

Lámha, Croiméal, Súile, Cosa.



## **Fíricí a mbaineann le nathracha**

Níl ach 6 thír ar domhan nach bhfuil nathracha acu agus sí Éire ceann acu!

Is féidir le nathracha i mbraighdeanas maireachtáil suas le 170 bliain d'aois, agus is féidir le nathracha fiáine 100 bliain d'aois a bhaint amach.


Beireann nathracha uibheacha.

Is féidir le nathracha gach rud a dhíleá ach crúba, gruaig agus cleití.

## **Mealltóir Nathracha**

Anois go bhfuil tuilleadh eolais againn faoinár gcairde nathair, déanaimis nathair 3T a chrochadh inár dteach. Beidh uait: páipéar, siosúr, píosa sreinge agus do rogha féin d'ábhair líníochta.

Ar dtús, tarraing bíseach ar chruth nathair mar seo:



Ansin déan do nathair a mhaisiú pé bealach is maith leat:



Ina dhiaidh sin, gearr do nathair amach go cúramach le siosúr. Nuair a bhfuil sin déanta agat, déan poll beag g bun do nathair agus tarraing an sreangán tríd. Ceangail an sreangán i snaidhmeanna daingean ionas nach sleamhnaíonn sé ar ais tríd an bpoll.

Anois is féidir leat an nathair a crochadh i do theachsa!



Lá maith agat!

